

Snáithe: Staidéir Áitiúla

Snáithaonad: Cluichí agus caitheamh aimsire san am atá thart

- Déan staidéar ar an gcaoi ar thosaigh cluichí Gaelacha go háitiúil.
- Fiosraigh bunú an **CLG BILEOG OIBRE 4C**
- Déan staidéar ar thréimhse luath an **CLG BILEOG OIBRE 4A, 4B**

Grianghraif de

1. Ciarraí V Baile Átha Cliath ó 1955 agus grianghraf ón gcéad seo.
2. Pictiúr de Pháirc an Chrócaigh sa lá atá inniu ann agus pictiúr de Pháirc an Chrócaigh i 1924.

Seo cúpla ceist a d'fhéadfaí a chur:

1. Pléigh na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir na grianghraif. I do bharúil cad iad na blianta inar tógadh na grianghraif seo? Cén fáth a bhfuil athrú tagtha ar (a) an staid? (b) na héadaí imeartha?



Cá háit a gceapann tú a tógadh na grianghraif seo?

2. Pléigh na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na pictiúir de Pháirc an Chrócaigh. I do bharúil cad iad na blianta inar tógadh na grianghraif? Conas a chuidigh athruithe sa teicneolaíocht leis na forbairtí seo? Ag baint úsáide as an suíomh idirlín www.gaa.ie agus www.crokepark.ie cruthaigh amlíne den fhorbairt atá tagtha ar Pháirc an Chrócaigh go dtí an lá inniu. Cén cinneadh tábhachtach stairiúil a rinneadh maidir le Páirc an Chrócaigh in 2006?

- Cruthaigh amlíne don **CLG BILEOG OIBRE 4G** Féach ar an bpóstaer freisin.
- Fiosraigh an stair a bhaineann le club áitiúil an CLG agus cruthaigh amlíne a fhreagraíonn don stair seo.
- Déan scrúdú ar fhianaise, cláir agus ailt as nuachtáin mar shampla, agus cuir i gcomparáid le heagrán reatha iad.
- Fiosraigh an Stair a bhaineann le foireann an chontae agus cruthaigh amlíne a fhreagraíonn don Stair seo.
- Éist le haoichainteoirí.

TASC:

Déan taighde ar an Stair a bhaineann le do chlub áitiúil CLG agus déan taifead ar imeachtaí agus ar dhátaí ar amlíne cosúil leis an gceann thuas.

TASC:

Déan taighde ar uachtaráin an CLG ag úsáid www.gaa.ie agus déan taifead orthu ar amlíne.

Snáithaonad: Scoileanna

- Féach ar an ngaol idir Stair na scoile agus Stair an CLG sa pharóiste.
- Bain úsáid as cáipéisí clóite agus fianaise eile.
- Taifid an pharóiste.
- Tuairiscí as nuachtáin áitiúla.
- Grianghraif scoile.
- Stair bhéil ó iardhaltaí agus iarbhaill foirne na scoile.
- Taifid sna scoileanna.



Snáithaonad: Féastaí agus féilte san am atá thart

- Eolas a chur ar an mbunús agus na traidisiúin a bhaineann le réimse féilte in Éirinn, .i. Lá Fhéile Pádraig agus Cluichí Ceannais Clubanna.
- Fiosraigh, pléigh agus scríobh cuntas ar roinnt de na searmanais, de na scéalta, de na finscéalta, den fhilíocht, den cheol, den damhsa agus de na cluichí atá ceangailte leis na féastaí agus leis na féilte seo .i. an traidisiún a bhaineann leis an damhsa seite agus leis an gceol Gaelach ag leath-am ar lá chluiche ceannais na hÉireann.

Snáithaonad: Mo cheantar trí na haoiseanna

- Bailéid, scéalta agus traidisiúin áitiúla a bhaineann leis an CLG a bhailiú trí comhtháthú le rannóg an Cheoil.

Snáithe: Scéal

Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

- Éist le scéalta faoi chluichí Gaelacha fadó, pléigh iad agus athinis iad **BILEOG OIBRE 4D**.
- Éist le daoine áitiúla ag insint scéalta faoina dtaití féin leis an CLG san am a chuaigh thart.
- Éirigh eolach ar shaol daoine cáiliúla sa CLG (bunaitheoirí, ceannairí agus imreoirí)
- Éirigh eolach ar an tábhacht a bhaineann le himeachtaí éagsúla don CLG (mar shampla, Domhnach na Fola) **BILEOGA OIBRE 4E**
- Pléigh cróineolaíocht na n-imeachtaí sna scéalta **BILEOG OIBRE 4D**
- Pléigh gníomhartha agus mothúcháin na gcarachtar in **BILEOG OIBRE 4D**
- Pléigh meon agus ábhair spreagtha carachtar ina gcomhthéacs stairiúil **BILEOG OIBRE 4D, 4E**
- Úsáid amlínte oiriúnacha **BILEOG OIBRE 4F, 4G**
- Tabhair cuireadh do bhall níos aosta den CLG teacht isteach sa seomra ranga chun labhairt faoin CLG lena linn féin.
- Tabhair cuireadh d'imreoir contae labhairt faoina t(h)aithí féin.
- Léigh ábhar as leabhair a scríobh baill den CLG (comhtháthú le Béarla)
- Gríosáigh páistí chun na leabhair ficsin agus eile a dtagraítear dóibh i rannóg na n-acmhainní a léamh. Féach ar an rannóg SEN do bhileoga difreálaithe curtha in oiriúint do dhaltáí le riachtanais éagsúla oideachais.

Snáithaonad: Miotais agus Finscéalta

- Na miotais agus na finscéalta a bhaineann le hoidhreacht na hÉireann agus an CLG (.i. Cú Chulainn) **BILEOG OIBRE 4D**: éist leo; pléigh iad; athinis iad (inis iad arís); agus déan taifead orthu. Ag úsáid chlár an scéil a chruthaíonn siad tar éis Bileog Oibre D a léamh, thiocfadh leis na páistí na scéalta a athinsint do na ranganna sóisearacha/meánranganna, ag cinntiú go bpléifidh siad cróineolaíocht na n-imeachtaí sna scéalta agus go bpléifidh siad freisin gníomhartha agus mothúcháin na gcarachtar.
- Na miotais seo a chur in iúl nó a thaifead i bhfoirmeacha béil agus scríofa, in obair ealaíne, i ndrámáíocht, i mím (mar chuid de thionscnamh comhtháite OSIE ar an CLG)



4 STAIR

Clár CLG ón mBonn Aníos (GNP)

Músaem an CLG

Mar chuid de thionscnamh comhtháite OSIE ar an CLG, d'fhéadfaí an rang a thabhairt chuig an músaem i bPáirc an Chrócaigh áit ar féidir leo a gcuid eolais a threisiú agus páirt a ghlacadh freisin i roinnt imeachtaí spreagúla. D'fhéadfadh na páistí dul timpeall i ngrúpaí agus na Bileoga Oibre atá ar fáil ag an deasc a líonadh isteach. Tá sampla den Bhileog Oibre curtha ar fáil thíos againn chun deis a thabhairt do mhúinteoirí na ceisteanna a ullmhú leis an rang agus an teanga a chur i láthair daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu.

Stop 1. Cluichí, cluichí, cluichí

Seas faoin líon.

Cé na cluichí CLG is féidir leat a fheiceáil ar na teilifíseáin?

Stop 2. Ardchroiseanna

Bhí pictiúir de chluichí Gaelacha snoite isteach in ardchrosa agus i leaca uaigneanna thart ar thréimhse an 15ú haois.

Cad is féidir leat a fheiceáil snoite isteach sa leac uaigne?

Cén cluiche, dar leat, a bhíodh á imirt ag an am?

- A. Liathróid láimhe
- B. Iománaíocht
- C. Peile
- D. Cluiche Corr

Stop 3.

Éist leis an teilifís.

Féach ar amlíne na n-imeachtaí. Faigh na blianta do na himeachtaí seo a leanas a bhaineann leis an CLG

Bunaíodh an CLG

Bunaíodh Cumann Camógaíochta

Bunaíodh Cumann Liathróid Láimhe Amaitéarach na hÉireann

Bunaíodh Peil Gaelach na mBan

Bunaíodh an CLG an 1 Samhain 1884.

Bhunaigh 7 fear é.

Ainmnigh 3 acu.

Stop 4.

Ainmnigh an liathróid atá ar taispeáint.

An bhfuil sí níos mó nó níos lú ná an ceann a úsáidtear inniu?

Thosaigh leagan den iománaíocht do mhná in 1904.

Cén t-ainm a bhí ar an gcluiche seo?

Cén dath a bhí ar na héadaí a bhíodh ar na mná don chluiche seo?

Tarraing pictiúr díobh thíos.

Féach ar an teilifís. Cad a tharla in 1916?

Cuireadh cosc oifigiúil in 1918 ar chluichí CLG. Cad a bhí i gceist leis an Domhnach Gaelach?



Stop 5. Am clubanna

Téigh chuig na scáileáin tadhaill.
 Brúigh ar do chúige. Cén cúige ina gcónaíonn tú?
 Ainmnigh do chontae.
 Brúigh ar do chontae.
 Faigh do chlub áitiúil.
 Cén bhliain a bunaíodh é?
 Faigh 3 fhíric.

Stop 6. Cad iad na huirlisí a úsáidtear chun camán a dhéanamh? (comhtháthú le heolaíocht)**Stop 8.**

Cé a d'imir sa chluiche ceannais 'Tintreach agus Toirneach' an 3 Meán Fómhair 1939?
 Cad eile a tharla sa domhan an lá sin?

Stop 9. It's Long Way to Tipperary!!!

Conas a bhíodh daoine ag taisteal chuig na cluichí?
 Cén fáth ar tugadh 'traein na dtaibhsí' mar leasainm ar cheann de na traenacha?

Stop 10. The Big Apple

1947 Reachtáladh Cluiche Ceannais na hÉireann ag na Tailte Póló.
 Cé a d'imir sa chluiche ceannais?
 Cé mhéad a chosain ticéad?
 Cad a tharla in Éirinn in 1847?

Stop 11.

Tarraing pictiúr den raidió a bhí in úsáid chun craoladh sna 1950í.
 Téigh suas staighre!
 1ú Scáileán Gorm.
 Imríodh an t-aon cluiche a chríochnaigh gan aon scór in 1895.
 Cén fhoireann a d'imir?
 Cén fáth nach raibh aon scór sa chluiche?
 3ú Scáileán Gorm
 Cé mhéad nóiméad a bhí an Mhí ina seaimpíní ar Chúige Laighean?

Stop 14.

Cén bhliain a thosaigh na All Stars go hoifigiúil? 19_____
 Cén dath a bhí ar an ngeansaí? _____ Agus _____

Stop 19. Imreoirí Cáiliúla

Comhair na boinn le Christy Ring atá ar taispeántas. _____



4 STAIR

Clár CLG ón mBonn Aníos (GNP)

NÓTAÍ AN MHÚINTEORA

Stop 20. Cumhacht na gCailíní!

Líon isteach an amlíne timpeall ar Chamógaíocht.

Bunaíodh an Cumann Camógaíochta _____

Ceithre cinn as a chéile!!! 1,2,3,4!!!!!!

Ainmnigh na foirne a bhuaigh ceithre chluiche as a chéile.

Stop 23.

Cé atá sa ghrianghraf ag imirt liathróid láimhe do Chill Chainnigh?

Stop 25. Timpeall an domhain.

Cad é an gaol is gaire don iománaíocht?

Cén tír ina n-imrítear é?

Cad é an gaol is gaire do pheil?

Cén tír ina n-imrítear é?

Stop 28.

Stop agus féach ar an gcaoi a bhfuil Páirc an Chrócaigh athraithe i gcaitheamh na mblianta.

Stop 29. Seaimpíní!

Ainmnigh corn na hÉireann don iománaíocht

_____ Gnóthaíodh é den chéad uair in 19____?

Cé mhéad a chosain sé é a dhéanamh? £ _____

Ainmnigh corn na hÉireann don pheil _____

Cérbh iad na chéad bhuaiteoirí in 1928?

_____ ComhghairdeasIs saineolaí ar an CLG anois tú
Tá sé in am spraoi, spraoi, spraoi!

Stop 30 agus 31.

Téigh ag imirt iománaíochta agus peile.

Ná déan dearmad sealanna a thógáil.

Stop 32. Tástáil do chuid scileanna ar an PS2.

Cé chomh sciobtha is atá tú in ann frithghníomhú?

Cé chomh cothromúil is atá tú?

Stop 33.

Roghnaigh bliain agus spórt.

Cé a bhuaigh an bhliain sin?

